# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **d'fhéach mé?**
   (a) D'imir mé
   (b) D'amharc mé
   (c) D'fhoghlaim mé
2. Tá an frása **isteach le mo lámh** i véarsa 2. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **d'oscail mé?**
   (a) Scrios mé
   (b) Rinne mé
   (c) Dhruid mé
4. Bhí geansaí spóirt sa mhála. Ainmnigh 3 bhall éadaigh spóirt eile.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Tá do chuid éadaigh spóirt féin uilig salach sa mhála spóirt – cad é a dhéanfaidh tú?
5. Cad é a tharla nuair a chuaigh an scríbhneoir chuig an chluiche, do bharúil?

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

19 Mo Gheansaí Spóirt

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Mo Gheansaí Spóirt

# Mo Gheansaí Spóirt

**D'oscail mé** mo mhála spóirt,
Is **d'fhéach mé** isteach.
Is beag nár leag an boladh mé,
Boladh gránna ag teacht amach!

Chuir mé mo lámh sa mhála,
Is rug mé ar mo bhróga.
Anois! Cá bhfuil mo chuid éadaí?
**Isteach le mo lámh** arís – mise atá cróga!

Amach le mo gheansaí,
Geansaí a bhí **bán**.
Agus féach ar mo chuid stocaí,
Bhuel, stoca amháin.

Anois cad a dhéanfaidh mé?
Tá cluiche agam ar a trí.
Ná bac leis an bholadh,
Níl am agam iad a ní!

*Mary Kavanagh*



# Ceisteanna

1. **Cad é a bhí sa mhála?**
   (a) Éide scoile
   (b) Éadaí spóirt
   (c) Leabhair

2. **Cé acu líne a insíonn dúinn nach raibh na rudaí sa mhála glan?**
   (a) Amach le mo gheansaí
   (b) Boladh gránna ag teacht amach
   (c) Isteach le mo lámh arís

3. **Cé acu líne a insíonn dúinn go raibh an boladh sa mhála fíor-olc?**
   (a) Is rug mé ar mo bhróga
   (b) Amach le mo gheansaí
   (c) Is beag nár leag an boladh mé

4. **Cén fáth a bhfuil an scríbhneoir 'cróga' i véarsa 2, do bharúil?**
   (a) Níl eagla ar an scríbhneoir roimh rud ar bith
   (b) Bhí an boladh sa mhála chomh holc sin
   (c) Bhí deifir ar an scríbhneoir

5. **Cad é mar atá a fhios againn nach raibh gach rud ann?**
   (a) Ní raibh ann ach geansaí amháin
   (b) Ní raibh ann ach boladh
   (c) Ní raibh ann ach stoca amháin

6. **Cé acu véarsa a insíonn dúinn go raibh an scríbhneoir faoi dheifir?**
   (a) Véarsa 1
   (b) Véarsa 2
   (c) Véarsa 4

7. **Tá an focal bán i véarsa 3 in úsáid mar:**
   (a) aidiacht.
   (b) briathar.
   (c) ainmfhocal.

8. **Cén sórt téacs é seo?**
   (a) Dialann
   (b) Dán
   (c) Finscéal